



**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

**An Ardteistiméireacht 2019**

**Aistriúchán  
Ar Scéim Mharcála**

**Staidéar Foirgníochta**

**Gnáthleibhéal**

## **Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuilleanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.


## **Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.



**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**  
***State Examinations Commission***

*Scrúdú Ardteistiméireachta, 2019*



# *Staidéar Foirgníochta*


*Teoiric – Gnáthleibhéal*

## *Scéim Mharcála*

**Tabhair ar aird:** Tá nótaí agus grafaicí ann ar mhaithe le léiriú agus níl siad eisiach ná uileghabhálach, glactar le nótaí agus le grafaicí eile a bhaineann le hábhar mar fhreagraí agus tabharfar marcanna dóibh dá réir.

## Ceist 1.

### (a) Gearradh ceartingearach tríd an gcuid uachtarach den bhfuinneog



#### Sonraíocht – gnáthshonra

- Rindreáil sheachtrach 19 mm
- Bloc coincríte duille amuigh 100 mm
- Cuas líonta go hiomlán
- Cúrsa taisdionach (DPC) céimnithe
- Bloc coincríte duille istigh 100 mm
- Plástar inmheánach 15 mm
- Lindéir choincríte réamhstrusta 100 × 70 mm
- Barr na fuinneoige 150 × 80 mm
- Gloiniúchán triarach, gloine e íseal
- Feirbín gloinithe.


*N.B. Is féidir glacadh le haon sonraí eile a chomhlíonann na Rialacháin Foirgníochta atá i bhfeidhm faoi láthair.*

### (b) Taispeáin go soiléir ar do líníocht an ghnáth-shonraíocht dearaidh chun an cuas ag ceann na fuinneoige a dhúnadh

- Dúntóir cuais coiscthe tine dílsithe a fheistiú os cionn ceann na fuinneoige
- Plástarchlár a fheistiú ar nochtadh istigh.

## Ceist 2

(a) Taispeáin an chaoi le hinsliú ardchaighdeáin a dhéanamh ar spás an áiléir.



### Modh oibre

- Leagtar an chuilt insliúcháin idir na giarsaí agus os cionn an phlástarchláir
- Cuirtear sraith eile os cionn na sraithe íochtarachaí.

### Cineál inslithe


- Insliú snáithínghloine
- Olann charraige
- Insliú cnáibe.

### Tiús an inslithe

- Úsáidtear insliú 350 mm ar tiús ar a laghad.


(b) Taispeáin modh amháin chun an chomhla thógála a in:

- Feistigh comhla thógála réamhinslithe.
- Sraitheanna insliú soladach feistithe leis an éadan ua
- Sraitheanna gliúáilte leis an gcomhla thógála.



### Taispeáin modh amháin le séalú a chur ar an gcomhla thó

- Feistigh rúscadh aimsire timpeall ar imeall na comhla tó
- Séalaigh aon bhearnaí idir an fráma agus na giarsaí chui aon treá aeir a chosc




(c) Dhá chúis gur cheart don lánúin tosú leis an áiléar a insliú

- Cailltear an méid is mó teasa tríd an díon, cailltear suas le 30% den teas tríd
- Laghdaíonn insliú an caillteanas teasa
- Is é an bealach is fearr é le fuinneamh a shábháil taobh istigh den teach
- Tá sé réasúnta éasca an t-áiléar a insliú agus is féidir leis an úinéir tí é a dhéanamh chomh fada is go nglactar na réamhchúraimí cuí
- Compord teirmeach níos mó do na daoine sa teach
- Laghdaítear billí fuinnimh
- Tá sé níos fearr don timpeallacht
- Feabhsaíonn sé an Rátáil Fuinnimh Foirgnimh (RFF).
- Beidh an teach níos teo
- Is iondúil go mbíonn an t-umar stórála agus na píopaí lena mbaineann san áiléar.

*Glactar le cúis oiriúnach ar bith eile freisin*

### Ceist 3

(a) An phíobobair atá riachtanach chun uisce fuar a sholáthar do dhoirteal na cistine agus don leithreas.



#### Gnáthshonraí:


- Comhla stoptha
- Nasc leis an doirteal cistine
- Píobán ardaitheach 15 mm
- Comhla liathróide
- Umar stórála 230 lítear ar a laghad don uisce fuar
- Inslíú timpeall ar an umar stórála
- Píobán sceite 28 mm
- Comhla gheata
- Soláthar uisce fuar 15 mm
- Nasc leis an gclóiséad uisce.

*N.B. Is féidir glacadh le haon sonraí eile a chomhlíonann na Rialacháin Foirgníochta atá i bhfeidhm faoi láthair.*

(b) Suíomh roghnaithe na comhla a thaispeántar.

#### Cúis:

- Tá an chomhla feistithe i ngar don sistéal
- Tá an chomhla feistithe sách gar chun an chomhla a oibriú go héasca.




(c) Buntáiste amháin a bhaineann le leithreas déshruthlaithe a chur isteach i seomra folctha.

- Tá dhá chnaipe ar an sistéal a cheadaíonn don úsáideoir rogha a dhéanamh idir dhá shocrú um shruthlú uisce
- Tá sruthlú níos mó timpeall 6-9 lítear deartha do dhramhaíl sholadach
- Tá an sruthlú níos lú 3-4 lítear deartha do dhramhaíl leachta
- Tá an sistéal níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol ná gnáth-shistéil
- Laghdaíonn an cineál sistéil seo an méid uisce a úsáidtear
- Laghdaíonn sé chomh maith an méid uisce a théann isteach i gcórais chóireáil dramhaíola agus séarachais.

*Glactar le sonra oiriúnach ar bith eile freisin*


## Ceist 4

- (a) Sceitsí a thaispeánann na gnáth-shonraí tógála don fhotha stéille a iompraíonn an blocbhalla coincréite.




### Suíomh an bhalla

- Ní mór an balla a chur i lár an fhotha
- Ní mór go mbeadh na teilgin ar an dá thaobh de bhalla 'P' cothrom.




### Suíomh na cruach treisiúcháin

- Cuirtear barraí cruach treisiúcháin gar do bhun an trinse, áit a bhfuil an príomhneart teanntachta ag teastáil
- Doirtear agus dlúthaítear an choincréit timpeall na cruach treisiúcháin
- Úsáidtear cúig shlat cruach, trastomhas 12 mm, de ghnáth
- Is féidir brící coincréite nó ábhar eile cosúil leis a úsáid chun na barraí a choinneáil in áit nuair atá an choincréit á doirteadh, timpeall 75 mm os cionn na talún



- (b) Taispeáin modh amháin chun an duille istigh agus an duille amuigh den bhalla a nascadh le chéile.

- Úsáidtear ballacheangail i gcuasbhallaí
- Úsáidtear ballacheangail chun dhá dhuille cuasbhalla a nascadh le chéile
- Tugann ballacheangail cobhsaíocht do chuasbhallaí
- Tógtar ballacheangail isteach sna duillí le linn tógála
- Déantar na ballacheangail as ábhair frithchreimneach agus tinedhíonach
- Úsáidtear ballacheangail snáithín basailt i mballaí ardinslithe



**(c) Dhá buntáiste a bhaineann le coinchréit réamh-mheasctha a úsáid i bhfothaí.**


- Tá caighdeán na coinchréite níos comhsheasmhaí
- Táirgtear coinchréit réamh-mheasctha faoi choinníollacha rialaithe
- Ní bhíonn aon chostas saothair chun coinchréit a tháirgeadh
- Íslítear cur amú ábhar coinchréite go dtí an t-íosmhéid
- Modh tapa agus iontaofa chun coinchréit a tháirgeadh is ea coinchréit réamh-mheasctha
- Ní gá ábhair choinchréite a stóráil ar an suíomh
- Laghdaítear truailliú deannaigh ar an suíomh – úsáidtear bulcstroighin i gcoinchréit réamh-mheasctha seachas málaí stroighne
- Tá coinchréit réamh-mheasctha neamhdhíobhálach don chomhshaol.

*Glactar le sonra oiriúnach ar bith eile freisin*



## Ceist 5

(a) Tarraing Gearradh ceartingearach tríd an gcéad urlár agus an landair stoda – gnáth-shonraí.



### Sonraíochtaí:

- Landair stoda 63 go 100 mm × 38 go 50 mm
- Inslíú idir stodaí
- Plástarchlár 12.5 mm
- Clár sciorta 120 mm × 20 mm
- Urlár saor adhmaid a bhfuil teanga agus eitre ann
- Fo-shraith boilgeoige poileitiléine
- Sraithadhmaid 25 mm
- Giarsaí 200 mm × 50 mm
- Inslíú idir giarsaí 150 mm
- Bacainn ghaile
- Plástarchlár, plástar.

*Tabhair ar aird: Is féidir glacadh le haon sonraí eile a chomhlíonann na Rialacháin Foirgníochta atá i bhfeidhm faoi láthair.*

(b) Taispeáin ar do líníocht suíomh an inslithe sa landair

- Feistítear an t-inslíú idir na stodaí
- Plástarchlár inslithe feistithe ar dhá thaobh na landaire stoda.

## Ceist 6

- (a) **Dhá réamhchúram ar leith nach mór a chomhlíonadh i seomra ranga an Staidéir Foirgníochta i ngach ceann de na cásanna seo a leanas.**

### **Greamachán teagmhála a úsáid chun veinirí a ghliúáil**

- Déan an obair i limistéar atá aeráilte go maith
- Coinnigh an gliú amach ó fhoinsí adhainte
- Caith spéaclaí cosanta, masc agus lámhainní laitéise
- Léigh na treoracha ar an gcoimeádán maidir le húsáid agus stóráil
- Ná hion-análaigh an múch
- Seachain teagmháil leis an gcraiceann
- Coinnigh amach as bealach leanaí
- Caith amach aon gliú atá imithe in éag ar bhealach cuí agus sábháilte.



### **Úsáid a bhaint as scriúire a chumhachtaítear le bataire**

- Cinntigh go bhfuil an obair coinnithe go daingean ar dhromchla soladach nó greamaithe i mbís
- Ná coinneigh píosa a bhfuil tú ag obair air i do lámh riamh
- Roghnaigh béalmhír den mhéid cheart don scriú atá á úsáid
- Ba cheart barr an scriúire a fheistiú go hiomlán i gceann an scriú sula dtosaítear an scriúire a chumhachtaítear le bataire
- Cuir brú maith air agus brúigh an truicear go héadrom agus tú ag tosú amach
- Socraigh chuig an torc is airde agus scriúnná á mbaint amach
- Dírigh isteach go hiomlán ar an obair atá á déanamh
- Bí cinnte nach bhfuil do mhéar ar an truicear nuair atá tú ag athrú béalmhíreanna
- Stóráil an t-aonad luchtaithe go sábháilte nuair atá tú críochnaithe.

- (b) Trí réamhchúram sábháilteachta ar leith nach mór a chomhlíonadh agus crios-sábh á úsáid chun píosa adhmaid a ghearradh.

Tabhair cúis amháin le gach réamhchúram sábháilteachta.

| Réamhchúraim Shábháilteachta Ghinearálta |                                                                                                                                                                            |
|------------------------------------------|----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| <b>Réamhchúram sábháilteachta</b>        | Caithfear cead a fháil ón múinteoir chun an crios-sábh a úsáid                                                                                                             |
| <b>Cúis</b>                              | Chun úsáid shábháilte an trealaimh a chinntiú                                                                                                                              |
| <b>Réamhchúram sábháilteachta</b>        | Caithfear éadaí dlúthluiteach/cosanta a chaitheamh                                                                                                                         |
| <b>Cúis</b>                              | Ionas nach mbéarfar ar éadaí scaoilte sa lann                                                                                                                              |
| <b>Réamhchúram sábháilteachta</b>        | Caithfear gruaig fhada agus scaoilte a cheangal                                                                                                                            |
| <b>Cúis</b>                              | Ionas nach mbéarfar ar ghruaig sa lann                                                                                                                                     |
| <b>Réamhchúram sábháilteachta</b>        | Nuair atá an mótar múcata, caithfidh na scoláirí an t-adhmad a leagan anuas go cothrom ar thábla an chrios-sáibh. Socraigh an sciath lainne laistigh de 3-6 mm den adhmad. |
| <b>Cúis</b>                              | Lena chinntiú go bhfuil an sciath sábháilteachta socraithe sula dtosaítear an sábh                                                                                         |
| <b>Réamhchúram sábháilteachta</b>        | Tosaigh an crios-sábh agus fan go dtí go bhfuil an mótar ag lánluas sula ndéantar aon ghearradh                                                                            |
| <b>Cúis</b>                              | Ionas nach ngabhfaidh an t-adhmad i bhfostú sa lann                                                                                                                        |
| <b>Réamhchúram sábháilteachta</b>        | Níor cheart go mbeadh do lámha níos gaire ná 100 mm ón lann ag aon am i rith do ghearrthacha. Má tá an stoc níos gaire ná 100 mm, déan le sá-mhaide amháin.                |
| <b>Cúis</b>                              | Ionas nach ngearrtar do lámha trí thimpiste                                                                                                                                |
| <b>Réamhchúram sábháilteachta</b>        | Níos cheart duit do lámh a chur go díreach sa líne ghearrtha.                                                                                                              |
| <b>Cúis</b>                              | Ionas nach ngearrtar do lámha trí thimpiste                                                                                                                                |
| <b>Réamhchúram sábháilteachta</b>        | Ná déan iarracht píosaí adhmaid a scuabadh amach ón lann le do mhéaracha. Úsáid píosa adhmaid eile nó sá-mhaide                                                            |
| <b>Cúis</b>                              | Ionas nach ngearrtar do lámha trí thimpiste                                                                                                                                |



|                                   |                                                                                                                                                 |
|-----------------------------------|-------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| <b>Réamhchúram sábháilteachta</b> | Nuair atá tú críochnaithe, athshocraigh na gardaí le go mbeidh siad dúnta ar fad agus bíodh an meaisín sábháilte, glan agus néata i do dhiaidh. |
| <b>Cúis</b>                       | Dea-chleachtas sa seomra adhmaadóireachta chun timpistí a sheachaint.                                                                           |
| <b>Trealamh Cosanta Pearsanta</b> |                                                                                                                                                 |
| <b>Réamhchúram sábháilteachta</b> | Ní mór súilchosaint a chaitheamh – caith spéaclaí sábháilteachta                                                                                |
| <b>Cúis</b>                       | Chun scealp nó deannach a chosc ó dhul isteach sna súile                                                                                        |
| <b>Réamhchúram sábháilteachta</b> | Féadfar masc deannaigh a chaitheamh.                                                                                                            |
| <b>Cúis</b>                       | Ionas nach n-ion-análaítear deannach.                                                                                                           |
| <b>Réamhchúram sábháilteachta</b> | Níor cheart fáinní agus seodra a chaitheamh agus an meaisín seo in úsáid                                                                        |
| <b>Cúis</b>                       | Ionas nach ngabhfaidh siad i bhfostú sa mheaisín                                                                                                |
| <b>Réamhchúram sábháilteachta</b> | Féadfar cosaint éisteachta a chaitheamh                                                                                                         |
| <b>Cúis</b>                       | Chun damáiste éisteachta a chosc má bhíonn an torann os cionn 60 deicibeil.                                                                     |



**(c) Dhá chúis gur gá treoracha sábháilteachta a thabhairt do na mic léinn go léir sula dtosaíonn siad ar innealra a úsáid i seomra an Staidéir Foirgníochta.**


Cúiseanna a d'fhéadfadh a bheith ann:

- Chun timpistí a sheachaint agus innealra á úsáid acu sa seomra Staidéir Foirgníochta
- Chun gortú tromchúiseach mar gheall ar pháirteanna soghluaiste innealra a sheachaint
- Lena chinntiú go dtuigeann na húsáideoirí ar fad an chontúirt a bhaineann le hinnealra i seomra Foirgníochta
- Chun timpeallacht shábháilte a chur ar fáil do gach mac léinn a úsáideann innealra sa Seomra Foirgníochta
- Le cloí le rialacháin Sláinte agus Sábháilteachta do Sheomra Foirgníochta.

*Glactar le cúis oiriúnach ar bith eile freisin*

## Ceist 7

- (a) Tarraing sceitse saorlámhe den dearadh cistine agus taispeáin an suíomh is rogha leat don chócaireán, don chuisneoir agus don doirteal. Tabhair fáth amháin le gach suíomh a roghnaigh tú.



### Doirteal

- Tá solas nádúrtha ar fáil don doirteal S ag an bhfuinneog
- Tá sé go deas don duine atá ag an doirteal
- Tá sé i ngar don chócaireán, níos lú ná 2 mhéadar
- Is deas radharc a bheith ar an ngairdín nó ar an bplásóg
- Tá sé mar chuid den dearadh triantáin i gcistineacha
- Tá dóthain spás cuntar oibre ar an dá thaobh

### Cócaireán

- Tá spás cuntar oibre ar an dá thaobh den chócaireán C
- Tá sé mar chuid den triantán oibre i leagan amach na cistine
- Ní gá an chistin a thrasnú le friochtáin ná le potaí te
- Is láthair shábháilte atá ann maidir leis an doras a bheith á oscailt
- Tá sé i ngar don doirteal.

### Cuisneoir

- Tá an cuisneoir F i ngar don doirteal chun bia a réiteach
- Tá sé mar chuid den triantán oibre
- Tá spás cuntar oibre ar an dá thaobh
- Tá spás ar an gcuntar oibre chun siopadóireacht a bhaint as na málaí
- Níor cheart go mbeadh aon slios den triantán níos faide ná 6 mhéadar.

*Nó suíomhanna feiliúnacha eile*

- (b) Roghnaigh an cineál urláir a bheadh oiriúnach do chistin bheag A agus cineál eile urláir a bheadh oiriúnach do sheomra bia B. Pléigh fáth amháin le gach ceann de na cineálacha urlár a roghnaigh tú.

### Limistéar cistine A

#### Tíleanna ceirmeacha

- Tá tíleanna buanfasach,
- Tá tíleanna neamh-thréscaoilteach d'uisce
- Tá siad éasca le cothabháil
- Tá tíleanna marthanach
- Tá siad ar fáil i réimse stíleanna agus dathanna.

**Cloch**

- Samplaí: eibhear snasta, marmar, aolchloch agus scláta.
- Tá na hurláir seo buanfasach agus marthanach.

**Marmoleum**

- D'úsáid thionsclaíoch den chuid is mó ach d'fhéadfaí iad a úsáid i gcistineacha
- Buanfasach, uiscédhíonach agus ar fáil i réimse dathanna.

*Nó clúdaigh feiliúnacha eile*

**Seomra bia B****Adhmad lannach**

- Tá lannán an-bhuanfasach agus féadann sé caitheamh suntasach a sheasamh
- Ní theastaíonn an oiread cothabhála ón dromchla urláir agus a theastaíonn ó adhmad nádúrtha
- Tá costas an urláir seo níos lú ná urlár adhmaid soladach
- Ní dhéanfaidh leachtanna an oiread damáiste agus a dhéanfaidís d'urlár adhmaid nádúrtha

**Vinil**


- Tá vinil friotaíoch ar scríoba agus ar smáil i rith gnáthúsáide
- Ní dhéanfaidh uisce dromchla an t-urlár a mhílíthiú go héasca
- Tá an t-urlár éasca le cothabháil
- Tá réimse leathan dathanna agus patrún ar fáil

**Marmoleum**

- D'úsáid thionsclaíoch den chuid is mó ach d'fhéadfaí iad a úsáid i gcistineacha
- Buanfasach, uiscédhíonach agus ar fáil i réimse dathanna.

*Nó clúdaigh feiliúnacha eile*

- (c) **Tarraing sceitse de dhearadh imlíneach agus taispeáin suíomh aonaid oileáin a bheadh oiriúnach do chistin bheag A.**

**Pléigh buntáiste amháin a bhaineann le haonad oileáin a chur isteach sa chistin.**

- Ceadáíonn aonad oileáin do shuíocháin bhreise i limistéar na cistine
- Spás stórála breise sa chistin
- D'fhéadfaí fearais a ionchorprú san aonad oileáin
- Spás breise cuntair
- Solúbthacht dearaidh níos mó i limistéar na cistine.

## Ceist 8


### Aláram aonocsaíd charbóin

- Gaireas is ea brathadóir aonocsaíd charbóin nó brathadóir CO<sub>2</sub> a bhraitheann gás aonocsaíd charbóin (CO<sub>2</sub>)
- Dearadh brathadóir CO<sub>2</sub> chun leibhéil aonocsaíd charbóin (CO<sub>2</sub>) a thomhas thar am
- Buaileann sé aláram sula mbailíonn leibhéil chontúirteacha aonocsaíd charbóin (CO<sub>2</sub>) i seomra
- Chun nimhiú aonocsaíde carbóin a chosc
- Tá CO<sub>2</sub> éadathach, gan bhlas agus gan bholadh
- Is minic a dhéantar tagairt dó mar “mharfóir ciúin”.



### Gloine sábháilteachta lannaithe

- Cineál gloine is ea gloine sábháilteachta lannaithe a fhanann le chéile nuair a bhristear ina smidiríní nó má bhristear é
- Coinnítear le chéile é le hidirshraith idir na pánaí gloine.
- Tá sé déanta as butryal polaivinile (PVB) nó aicéatáit eitilevinile (EVA).




### Sú-adhmad

- Is é seo an t-achar amuigh de thrasghearradh crainn
- Tá an sú agus an t-adhmad nua sa tsraith seo
- Is ionann é agus an t-adhmad is nuaí
- Tá dath níos éadroime air
- Tá sú-adhmad níos boige agus níl sé chomh buanfasaí




### Ráille láimhe

- Baintear úsáid as lámhráille le haghaidh tacaíochta
- Gairis shábháilteachta iad ráillí láimhe a dearadh le go mbeidh duine in ann cothromaíocht a choinneáil
- Cabhraíonn sé chun tuirse a laghdú fad is atá duine ag seasamh
- Chun roinnt dá meáchan a aistriú fad is atá siad ag bogadh
- Úsáidtear é chun greim a fháil i gcás sleamnaithe nó titime.
- Féadfaidh oibrithe ráille láimhe a úsáid agus iad ag dreapadh nó i gcontúirt titim
- Is iondúil go ndéantar iad as cruach dhosmálta, miotal crómaisithe nó clúdaithe i bplaisteach.




### Gáitéar sceimhleacha

- Bailítear uisce báistí ó dhíonta claonta nó réidhe sa gháitéar
- Cuirtear amach an t-uisce báistí chuig feadáin seachadta nó fánphíobán
- Feistítear an gáitéar sceimhleacha go ginearálta leis an éadanchlár
- Tá an gáitéar sceimhleacha mar chuid den chóras bailithe uisce d'fhoirgneamh.
- Déantar gáitéirí as réimse ábhar cosúil le: iarann teilgte, uPVC, alúmanam teilgte agus easbhrúite, cruach ghalbhánaithe, copar, sinc, agus bambú.




### Béalalt

- Alt adhmaadóireachta is ea béalalt
- D'fhéadfadh alt a bheith ina bhéalalt-T nó ina bhéalalt cúinne
- Úsáidtear béalalt i ndéanamh troscáin.
- Modh siúntála d'aon uillinn chúinne nó cumraíocht de chineál T d'alt frámúcháin
- D'fhéadfaí an béalalt cúinne a úsáid i dtógáil fráma
- Is féidir an béalalt-T a úsáid i dtógáil boird chun ráillí a shiúntáil le cuailí
- Siúnta an-láidir is ea an béalalt-T




### Roithlín troscáin

- Tá roithlín troscáin déanta de roth agus pláta nó scriú don fheistiú
- Úsáidtear roithlíne i mboird, cathaoireacha, deasca oifige agus roinnt cineálacha eile troscáin
- Ceadaíonn roithlíne gluaiseacht éasca troscáin
- Déantar roithlíne troscáin ó réimse ábhar cosúil le hiarann teilgte, plaisteach, níolón, cruach ghaibhnithe, cruach dhosmálta, alúmanam, etc.




### Balastair

- Is as crua-adhmaid nó as bogadhmaid a dhéantar iad
- Seasann siad go ceartingearach idir téada an staighre agus an lámhráille
- Bíonn balastair ann mar thaca don lámhráille
- Go ginearálta, bíonn na balastair 38 x 38 nó 44 x 44 mm
- D'fhéadfadh balastair a bheith cearnógach i gcuid nó iompaithe ar dheil
- Níor cheart go mbeadh an spás idir na balastair níos mó ná 100 mm.



### Soilsiú fluaraiseach

- Úsáideann soilsiú fluaraiseach fluaraiseacht chun solas a tháirgeadh
- Lampa díluchtaithe gáis mearcair-ghaile ísealbhrú atá ann
- Táirgeann sé solas ultraivialait gearrthoinne atá ina chúis le cumhdach fosfair ar an taobh istigh den lampa lonrú
- Nuair a chuirtear an solas ar siúl seolann an dúisire turraing leictreachais chuig an ngás taobh istigh den fheadán
- Cosnaíonn an soilsiú fluaraiseach níos mó i dtosach ach cúitítear na costais tosaigh le costais fuinnimh níos ísle
- Meastar go bhfuil soilsiú fluaraiseach dóthanach le haghaidh go leor spásanna oibre agus sa teach freisin.





## Ceist 9

### (a) Ainmnigh adhmaid a bheadh oiriúnach don chumhdach seachtrach

- Céadar
- Learóg
- Déil Dhearg nó Péine Albanach
- Aon bhogadhmaid brúthuilte.



#### Dhá chúis leis an rogha adhmaid

##### Céadar

- Oiriúnach don taobh amuigh mar go bhfuil sé an-friotaíoch do lobhadh
- Éasca le hoibriú leis agus le gliúáil le chéile
- Tá cuma dheas air
- Tá sé éasca bailchríoch a chur air le hola nó le cóireáil oiriúnach eile
- Tá sé éadrom agus oiriúnach le haghaidh cumhdach.

##### Learóg

- Tá sé buanfasach go nádúrtha le húsáid taobh amuigh
- Breathnaíonn sé go maith le croí-adhmaid dearg
- Fásann sé go héasca in Éirinn
- Tá sé friotaíoch in aghaidh uisce.

##### Déil Dhearg nó Péine Albanach

- Éasca le gearradh agus oibriú leis
- Bíonn cuma shlachtmhar air nuair a chuirtear péint nó vearnais air
- Praghas réasúnach
- Láidir, buanfasach agus cobhsaí.

*Aon adhmaid eile atá oiriúnach*

### (b) Mionathrú amháin ar an dearadh atá ann cheana féin a mhéadódh an ceangal idir an oifig agus an gairdín

- Cuir doras sleamhnáin in áit an dorais atá ann
- D'fhéadfaí an limistéar taobh amuigh den doras a athrú ina phóirse nó paitió
- Painéil airde iomlán de ghloine ghloiniú dúbailte thrédhearcach
- D'fhéadfaí aonad níos mó níos airde a chur in ionad na fuinneog atá ann
- Bheadh gloiniú dúbailte nó gloiniú triarach i ngach aonad.



- (c) **Dhá bhuntáiste don duine a úsáideann an oifig bhaile a bhaineann leis an gceangal leis an ngairdín máguaird.**

**Buntáistí:**

- Cuirfidh an ghloine ghloiniú dubailte struchtúr níos teo ar fáil
- Déanfar cuid den oifig den ghairdín
- Cruthaíonn siad achar urláir níos mó
- Cruthaíonn siad ceangal le limistéar an ghairdín
- Tá áit scíthe ag daoine a thagann isteach
- Ligeann sé solas na gréine isteach san fhoirgneamh
- Féadtar rochtain a thabhairt do chathaoir rothaí

**Ceist 1.**

| <b>Gearradh ceartingearach tríd an gcuid uachtarach den bhfuinneog</b>                                                             |                                      |                 |
|------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|--------------------------------------|-----------------|
| <b>Sonraí – gnáth-thoisí</b>                                                                                                       |                                      | <b>Marcanna</b> |
| <b>Cuid (a)</b>                                                                                                                    |                                      |                 |
| Plástráil sheachtrach 19 mm                                                                                                        |                                      | <b>5</b>        |
| Bloc coincríte duille amuigh 100 mm                                                                                                |                                      | <b>5</b>        |
| Insliú teirmeach 200 mm                                                                                                            |                                      | <b>5</b>        |
| Cúrsa taisdionach (DPC) céimnithe                                                                                                  |                                      | <b>5</b>        |
| Bloc coincríte duille istigh 100 mm                                                                                                |                                      | <b>5</b>        |
| Plástráil taobh istigh 15 mm                                                                                                       |                                      | <b>5</b>        |
| Lindéir choincríte réamhstrusta 100 × 70 mm                                                                                        |                                      | <b>5</b>        |
| Barr na fuinneoige 150 × 80 mm                                                                                                     |                                      | <b>5</b>        |
| Gloiniúchán triarach, gloine e íseal                                                                                               |                                      | <b>5</b>        |
| <b>7 gcinn ar bith de na mionsonraí thuas (5 mharc an ceann)</b>                                                                   | <b>Fo-iomlán</b>                     | <b>35</b>       |
| 4 ghnáth-thoise ar bith                                                                                                            |                                      | <b>4</b>        |
|                                                                                                                                    | <b>Fo-iomlán</b>                     | <b>39</b>       |
| <b>Cuid (b)</b>                                                                                                                    |                                      |                 |
| Taispeáin go soiléir ar do líníocht an ghnáth-shonraíocht dearaidh chun a chinntiú go bhfuil an cuas ag ceann na fuinneoige dúnta. |                                      |                 |
| Sonra an dúntóra cuais                                                                                                             |                                      | <b>3</b>        |
| <b>Línitheoireacht, cruinneas agus scála</b>                                                                                       | <b>(sármhaith, maith, measartha)</b> | <b>8</b>        |
|                                                                                                                                    | <b>8      6      4</b>               |                 |
|                                                                                                                                    | <b>Fo-iomlán</b>                     | <b>11</b>       |
|                                                                                                                                    | <b>Iomlán</b>                        | <b>50 marc</b>  |

**Ceist 2.**

| <b>Spás áiléir i dteach a insliú</b>                                                                                   |                 |
|------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|-----------------|
| <b>Mionsonraí</b>                                                                                                      | <b>Marcanna</b> |
| <b>Cuid (a)</b>                                                                                                        |                 |
| Taispeáin an chaoi le hinsliú ardchaighdeán a dhéanamh ar spás an áiléir                                               |                 |
| Tarraing sceitse de spás áiléir inslithe                                                                               | 8               |
| An rogha cineál inslithe do spás áiléir                                                                                | 5               |
| Tiús an inslithe                                                                                                       | 5               |
| <b>Caighdeán an sceitse</b> <i>(thar cionn, go maith, réasúnta)</i><br>8                      6                      4 | 8               |
| <b>Fo-lomlán</b>                                                                                                       | <b>26</b>       |
| <b>Cuid (b)</b>                                                                                                        |                 |
| Taispeáin modh amháin chun an chomhla thógála a insliú agus a shéalú                                                   |                 |
| An chomhla thógála a insliú Sonra bailí a haon                                                                         | 5               |
| An chomhla thógála a shéalú Sonra bailí a dó                                                                           | 5               |
| <b>Caighdeán an sceitse</b> <i>(thar cionn, go maith, réasúnta)</i><br>8                      6                      4 | 8               |
| <b>Fo-lomlán</b>                                                                                                       | <b>18</b>       |
| <b>Cuid (c)</b>                                                                                                        |                 |
| Dhá cúis gur cheart don lánúin tosú leis an áiléar a insliú                                                            |                 |
| Buntáiste 1                                                                                                            | 3               |
| Buntáiste 2                                                                                                            | 3               |
| <b>Fo-lomlán</b>                                                                                                       | <b>6</b>        |
| <b>Iomlán</b>                                                                                                          | <b>50 marc</b>  |

**Ceist 3.**

| <b>Soláthar uisce fuar do theach cónaithe</b>                                                         |                                         |                 |
|-------------------------------------------------------------------------------------------------------|-----------------------------------------|-----------------|
| <b>Sonraí – gnáth-thoisí</b>                                                                          |                                         | <b>Marcanna</b> |
| <b>Cuid (a)</b>                                                                                       |                                         |                 |
| An phíobobair atá riachtanach chun uisce fuar a sholáthar do dhoirteal na cistine agus don leithreas. |                                         |                 |
| Sceitse a tugadh a tharraingt                                                                         |                                         | 4               |
| Píobán ardaitheach 15 mm                                                                              |                                         | 4               |
| Soláthar uisce fuar 15 mm chuig doirteal na cistine                                                   |                                         | 4               |
| Umar stórála uisce                                                                                    |                                         | 4               |
| Comhla liathróide san umar stórála                                                                    |                                         | 4               |
| Píobán sceite 28 mm                                                                                   |                                         | 4               |
| Inslíú timpeall ar an umar stórála                                                                    |                                         | 4               |
| Soláthar uisce fuar 15 mm don leithreas                                                               |                                         | 4               |
| Comhlaí                                                                                               |                                         | 4               |
| <b>7 gcinn ar bith de na mionsonraí thuas (4 mharc an ceann)</b>                                      | <b>Fo-iomlán</b>                        | <b>28</b>       |
| <b>Caighdeán an sceitse</b>                                                                           | <b>(thar cionn, go maith, réasúnta)</b> | <b>6</b>        |
|                                                                                                       | 6 4 2                                   |                 |
|                                                                                                       | <b>Fo-iomlán</b>                        | <b>34</b>       |
| <b>Cuid (b)</b>                                                                                       |                                         |                 |
| Suíomh roghnaithe agus cúis don chomhla a thaispeántar                                                |                                         |                 |
| Suíomh                                                                                                |                                         | 3               |
| Cúis                                                                                                  |                                         | 3               |
| <b>Caighdeán na sceitsí</b>                                                                           | <b>(thar cionn, go maith, réasúnta)</b> | <b>6</b>        |
